Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chultúr agus um Oideachas

2023/2004(INI)

18.7.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le cur chun feidhme Chlár 2021-2027 um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna - ról agus rannpháirtíocht na saoránach
(2023/2004(INI))

An Coiste um Chultúr agus um Oideachas

Rapporteur: Łukasz Kohut

PR_INI_TuarascáilCurChunFeidhme

CLÁR

Leathanach

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN – ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ.....3

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 13

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN – ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ

Aontas atá bunaithe ar an daonlathas, ar chomhionannas, ar chearta agus ar luachanna

Mar gheall ar thimpeallacht pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais Eorpaigh atá casta agus ag athrú go tapa, tá gá le freagairtí beartais láidre, dírithe ar thorthaí agus bunaithe ar fhianaise lena ndírítear ar shaoránaigh agus atá bunaithe ar an daonlathas, ar chomhionannas, ar chearta agus ar luachanna.

I bhfianaise an chúlra chasta sin, seoladh an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) in 2021 agus cruthaíodh é in éineacht leis an gclár um Cheartas 2021-2027 faoin gCiste um Cheartas, Cearta agus Luachanna chun cearta agus luachanna a chumhdaítear sna Conarthaí a chur chun cinn.

Cuireann an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) 2021-2027 maoiniú ar fáil do rannpháirtíocht na saoránach, chun comhionannas do chách a chur chun cinn agus chun cearta agus luachanna an Aontais a chur chun feidhme. Is é is aidhm dó na cearta agus na luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear iad i gConarthaí an Aontais, sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“an Chairt”) agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta an duine. Déanann sé sin trí thacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (CSOanna) agus le páirtithe leasmhara eile a bhíonn gníomhach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta, agus trí rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a spreagadh. Cuidíonn sé sin le sochaithe oscailte, cearta-bhunaithe, daonlathacha, comhionanna agus cuimsitheacha atá bunaithe ar an smacht reachta a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh. Tugtar aird ar leith ar rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta a spreagadh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Tá an clár eagraithe thart ar cheithre shraith ghníomhaíochta agus é mar aidhm aige:

1. le luachanna an Aontais (an tsraith arb í luachanna an Aontais) a chosaint agus a chur chun cinn;
2. le cearta, neamh-idirdhealú, agus comhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, a chur chun cinn agus príomhshruthú inscne agus príomhshruthú neamh-idirdhealaithe a chur chun tosaigh; (an tsraith arb í comhionannas, cearta agus cearta inscne);
3. le ról agus rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais agus malartuithe idir saoránaigh de chuid na mBallstát éagsúil a chur chun cinn, agus feasacht ar stair chomhchoiteann na hEorpa a ardú (an tsraith arb í ról agus rannpháirtíocht na saoránach);
4. foréigean atá bunaithe ar inscne agus foréigean in aghaidh leanaí a chosc agus a chomhrac (an tsraith arb í Daphne).

De réir an chomhaontaithe idirchoiste, is ar an gCoiste CULT agus ar an gcoiste sin amháin atá an fhreagracht do Shraith 3 - ról agus rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais agus malartuithe idir saoránaigh de chuid na mBallstát éagsúil a chur chun cinn, agus feasacht ar stair chomhchoiteann na hEorpa a ardú (an tsraith arb í ról agus rannpháirtíocht na saoránach); Dá bhrí sin, díreoidh an tuarascáil cur chun feidhme seo go príomha ar Shraith 3 de chlár CERV.

CERV — clár nua de chuid an Aontais

Is comharba an clár CERV ar dhá chlár de chuid an Aontais — an clár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht 2014-2020 (REC) agus an clár Eoraip ar son na Saoránach 2014-2020. I Sraith 3 de CERV tugtar le chéile an chuid is mó de ghnéithe saoránachta an dá chlár a tháinig roimhe.

In 2020 mhol an Coimisiún Eorpach an dá chlár sin a chumasc in aon chlár amháin. Ba bhealach é sin chun a aithint go gcuireann cineál ilroinnte agus acmhainní teoranta na gclár a tháinig roimhe teorainn leis an gcumas freagairt do dhúshláin nua agus do dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Ba amhlaidh an cás go háirithe tráth a raibh gluaiseachtaí a bhí ag teacht chun cinn ag dul i gcoinne an choincheapa maidir le sochaithe oscailte, cuimsitheacha, comhtháite agus daonlathacha a bheith ann, rud a ráthaíonn, go ginearálta, na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht shibhialta agus cearta a theachtadh. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí bealach caoinfhulangach a chothú chun cónaí le chéile. Rinneadh dul chun cinn maidir lena áirithiú go bhfuil saoránaigh ar an eolas faoina gcearta agus faoi na tairbhí a bhaineann le saoránacht an Aontais, chun leibhéal níos mó rannpháirtíochta sa saol polaitiúil agus sa tsochaí a spreagadh, agus chun tuiscint níos fearr a bheith acu ar an Aontas, ar a stair, ar a oidhreacht chultúrtha agus ar a éagsúlacht. Tá na cearta sin le fáil sna Conarthaí: go háirithe go mbunaítear leis na forálacha coiteanna (airt. 2 maidir le luachanna agus airt. 3 maidir le cuspóirí, airt. 6 maidir le cairt um chearta bunúsacha agus sna forálacha maidir le prionsabail dhaonlathacha, airteagail 10 agus 11 maidir le rannpháirtíocht dhaonlathach agus idirphlé sibhialta), chomh maith leis na hairteagail cur chun feidhme mar chuid de na forálacha maidir le neamh-idirdhealú agus saoránacht (airteagail 10 agus 19 agus 20 go 25), saoránacht an Aontais a bhfuil gach duine a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit aige ina teideal. Liostaítear sna Conarthaí freisin príomhchearta agus príomhdhualgais shaoránaigh an Aontais (Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)[1] agus Airteagal 9 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Forléargas ar Chlár CERV agus ar Shraith 3 dá chuid maidir le "ról agus rannpháirtíocht na saoránach"

Ba é uaillmhian an Choimisiúin leis an gcár nua CERV luachanna a chosaint tuilleadh mar a chumhdaítear iad sna Conarthaí, sa Chairt [um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh] agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta an duine, go háirithe trí thacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta[(CSOanna)] agus le páirtithe leasmhara eile a bhíonn gníomhach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta, agus trí rannpháirtíocht shibhiailta agus dhaonlathach a spreagadh, chun sochaithe oscailte, cearta-bhunaithe, daonlathacha, comhionanna agus cuimsitheacha atá bunaithe ar an smacht reachta a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh[2].

Is é an cuspóir sonrach sáraitheach do Shraith 3 — an tsraith maidir le ról agus rannpháirtíocht na saoránach — ról agus rannpháirtíocht na saoránach i saol an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. Déantar é seo a mhiondealú a thuilleadh i dtrí fhochuspóir

[1] Na Ballstáit, 'An Leagan Comhdhlúite den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh', 7 Meitheamh 2016
[2] Rialachán (AE) 2021/692 (Rialachán CERV), Airt. 2(1)

shonracha do Shraith 3, arb iad seo a leanas[3]:

- tacú le tionscadail atá dírithe ar chuimhneamh ar thráthanna ríthábhachtacha i stair nua-aimseartha na hEorpa, amhail teacht i gcumhacht na réimseas údarásaíoch agus ollsmachtach, agus tionscadail arb é is aidhm dóibh feasacht a ardú i measc shaoránaigh na hEorpa ar a stair chomhchoiteann, a gcultúr comhchoiteann, a n-oidhreacht chultúrtha chomhchoiteann agus a luachanna comhchoiteanna, agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar a dtuiscint ar an Aontas agus ar an tábhacht a bhaineann le comhthuiscint agus caoinfhulaingt;

- rannpháirtíocht na saoránach agus na gcomhlachas ionadaíoch i saol daonlathach sibhialta an Aontais agus a rannchuidiú ann a chur chun cinn trí chur ar a gcumas a dtuairimí a thabhairt le fios agus a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais;

- malartuithe idir saoránaigh tíortha éagsúla a chur chun cinn, go háirithe trí nascadh bailte agus líonraí bailte, chun taithí phraiticiúil a thabhairt dóibh ar shaibhreas agus ar éagsúlacht oidhreacht chomhchoiteann an Aontais.

Baintear amach cuspóirí Shraith 3 (agus cuspóirí chlár CERV) trí dheontais ghníomhaíochta do thionscadail, trí dheontais oibriúcháin don tsochaí shibhialta (arna maoiniú faoin tsraith ‘luachanna an Aontais’), agus trí ghníomhaíochtaí soláthair agus cumarsáide ag an gCoimisiún Eorpach (baineann an réimse gníomhaíochtaí seo le gach sraith). Áirítear ar na gníomhaíochtaí, arna maoiniú ag an gCoimisiún, pointí teagmhála náisiúnta (PTNanna) sna Ballstáit. Meastar gur nuálaíocht iad PTNanna i gclár CERV, toisc go raibh siad ann faoin gClár um an Eoraip ar son na Saoránach ach ní faoin gclár REC.

Nuálaíocht i gclár CERV 2021-2027 is ea Grúpa Idirphlé Sibhialta a chruthú chun an caidreamh le páirtithe leasmhara a neartú. Reáchtáladh Seachtain Idirphlé CERV i mí na Bealtaine 2021 chun an clár a sheoladh.

Faoi láthair, ní chistíonn clár CERV ach tionscadail i mBallstáit an Aontais. Léirigh sé thír, tíortha aontacha tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, suim a bheith páirteach sa chlár, ach níl sé sin curtha ar bhonn foirmiúil go fóill. Is iad na tíortha sin an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, an tSeirbia agus an Úcráin.

Is faoi chúram Ard-Stiúrthóireachta um Cheartas agus Tomhaltóirí (AS JUST) an Choimisiúin Eorpaigh atá na gnéithe beartais a bhaineann le cur chun feidhme. Is é EACEA, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr, a bhainistíonn an próiseas glaonna agus maoinithe.

Is é **EUR 641.71 milliún i bpraghsanna reatha** an buiséad iomlán do chlár CERV 2021-2027 **móide ‘breisiú’ ó fhíneálacha EUR 800 milliún a bhailíonn an Coimisiún Eorpach**, i.e. níos mó ná an buiséad per se, cé go bhfuil an tsuim ag praghsanna 2018. Tá thart ar EUR 357 milliún den mhéid sin **ar fáil do Shraith 3.** Tá 65 % ar a laghad den mhaoiniú le

[3] Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014, Airt.5 ón gComhairle

leithdháileadh ar rannpháirtíocht dhaonlathach agus 15 % ar ghníomhaíochtaí cuimhneacháin[4].

Tá cur chun feidhme CERV bunaithe ar chláir oibre dhá bhliain. Is nuálaíocht é sin i gcomparáid leis na cláir réamhtheachtacha a d'oibrigh le cláir bhliantúla. Is é an sprioc atá ann infheictheacht níos fearr a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le tosaíochtaí agus glaonna ar thograí atá le teacht, agus ar an gcaoi sin pleanáil na dtosaíochtaí agus na nglaonna ar thograí a éascú. Tá na buiséid don chéad cheithre bliana den timthriall reatha i dTábla 17. Is é is cúis leis an mbuiséad íseal do 2021 i gcomparáid le blianta eile nach ndearnadh an 'breisiú' ó fhíneálacha a chur leis an gclár ach amháin amhail ó 2022. Leagtar amach tosaíochtaí bliantúla sna cláir oibre freisin agus déantar cur síos ar ábhar na nglaonna atá le teacht. Tá athruithe follasacha ann maidir le fócas ó bhliain go bliain chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais ar an talamh agus, ag an am céanna, leanúnachas i dtosaíochtaí beartais a áirithiú, e.g. fócas in 2021-2022[5] ar thionchar COVID-19 agus ar thionscadail a d'fhéach chun cinn go dtí toghcháin Eorpacha 2024. Spreagadh líonraí bailte in 2021-2022 chun bealaí a mholadh chun an ráta vótála ag na chéad toghcháin Eorpacha eile a mhéadú agus chun iarrthóireachtaí a dhéanamh níos cuimsithí. In 2023-2024[6], luaitear oidhreacht an choilíneachais agus na himirce trasnáisiúnta, léargas ar an stair atá cothrom ó thaobh inscne de, agus Moladh ón gCoimisiún maidir le cosaint a thabhairt d'iriseoirí agus do chosantóirí chearta an duine a ghlacann páirt i rannpháirtíocht phoiblí ó imeachtaí cúirte[7] atá gan bhunús nó mí-úsáideach agus nár áiríodh sa chlár oibre roimhe sin.

Sa Chlár Oibre do 2023-2024, feictear an chéad ghlao ar rannpháirtíocht shibhialta leanaí le glao chun 'ról agus rannpháirtíocht leanaí sa saol polaitiúil agus daonlathach a spreagadh.' Cuirfear an aeráid agus an comhshaol, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le fuinneamh, san áireamh i dtograí maidir le nascadh bailte agus líonraí bailte. Cuireann Clár Oibre 2023-2024 chun suntais freisin faoin tsraith seo gradam Phríomhchathracha na hEorpa um Chuimsiú agus Éagsúlacht ina dtugtar aitheantas don obair a dhéanann cathracha, bailte nó réigiúin san Eoraip chun cuimsiú a chur chun cinn agus sochaithe atá saor ó idirdhealú a chruthú.

Ós rud é gurbh eol na moilleanna a bhain le MFF 2021-2027 a ghlacadh, bhí coinne ag na seirbhísí in AS JUST leis agus rinneadh gach ullmhúchán chun an clár a sheoladh go comhuaineach (is amhlaidh an cás freisin maidir le go leor cláir chomhphobail eile – e.g. Erasmus +; An Cór Dlúthpháirtíochta) sa chaoi gur seoladh na chéad ghlaonna ar thograí faoi mhí Aibreáin 2021. Is mar gheall ar shaolré na dtionscadal nach bhfuil ach cúpla tionscadal curtha i gcrích – is ar feadh 2 bhliain a mhaireann an chuid is mó díobh, roinnt acu níos faide fós. Chomh maith leis sin, tógann glao ar thograí am freisin (roinnt míonna chun iarratas a dhéanamh, meastóireacht a dhéanamh ina dhiaidh sin, agus ansin na comhaontuithe deontais a

[4] Ceadaítear imeacht 10 bpointe céatadáin ó na céatadáin sin.
[5] C(2021) 2583 final, 'COMMISSION IMPLEMENTING DECISION of 19.4.2021 on the Financing of the Citizens, Equality, Rights and Values Programme and the Adoption of the Multiannual Work Programme for 2021-2022', 2021
[6] COMMISSION IMPLEMENTING DECISION of 1.12.2022 on the financing of the Citizens, Equality, Rights and Values programme and the adoption of the work programme for 2023-2024
[7] An Coimisiún Eorpach, 'Moladh (AE) 2022/758 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le hIriseoirí agus Cosantóirí Chearta an Duine a Bhíonn i mBun Rannpháirtíocht an Phobail a Chosaint ó Imeachtaí Cúirte ar Follasach go bhfuil siad Gan Bhunús nó Mí-Úsáideach ("Cúiseanna Dlí Straitéiseacha in aghaidh Rannpháirtíocht an Phobail")', IO L, iml. 138, 27 Aibreán 2022

ullmhú). Dá bhrí sin, ní mór dúinn a admháil go bhfuil an Clár sna luathchéimeanna den chur chun feidhme, rud gur féidir leis a mhíniú go páirteach nach raibh ach líon beag tionscadal curtha i gcrích i Sraith 3. Mar sin féin, níl rochtain faoi láthair ar líon sonrach na dtionscadal atá curtha i gcrích. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún Eorpach i dtreis nach bhfuil go leor tuarascálacha deiridh ann ó thairbhithe chun meastóireacht chruinn a dhéanamh ar thorthaí, go háirithe ar leibhéal sraithe ar leith.

Tá pointí teagmhála an Chláir sna Ballstáit ar fáil chun faisnéis faoin gclár a scaipeadh agus chun cuidiú le fiosrúcháin. Tá siad freagrach as treoir neamhchlaonta, faisnéis phraiticiúil agus cúnamh a chur ar fáil d'iarratasóirí, do pháirtithe leasmhara agus do thairbhithe, lena n-áirítear maidir leis an nós imeachta iarratais, faisnéis soláimhsithe agus torthaí cláir a scaipeadh, agus fiosrúcháin maidir le comhpháirtithe, oiliúint agus foirmiúlachtaí. Mar sin féin, níl aon oibleagáid ar Bhallstát pointe teagmhála a chur ar bun agus ní raibh sin déanta ach ag 17 acu faoi mhí na Bealtaine 2022. Ba iad na Ballstáit nach raibh pointe teagmhála acu ar an dáta sin an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghréig, an Danmhairg, an Ungáir, Éire, an Iodáil, Málta, an Pholainn, agus an tSlóvaic. Mar sin féin, de réir sonraí ó EACEA, bhí 18 bpointe teagmhála ann amhail ó mhí Feabhra 2023[8].

Maidir le faireachán a dhéanamh ar an gclár, tá táscairí faireacháin ann atá i gcoiteann ag gach sraith agus leagtar síos iad sin i Rialachán an Chláir[9]. Tá Eochairtháscaire Feidhmíochta ann freisin le haghaidh AS JUST a leagtar síos leis an Eorabharaiméadar a bhaineann le cuspóirí Shraith 3, i.e. dearcadh na Saoránach ar rannpháirtíocht dhaonlathach, 'tá tábhacht le mo ghuth'. Is é an aidhm atá ann céatadán 2019 de 48 % a ardú.[10]

Maidir le sonraí cainníochtúla ar chur chun feidhme, cuireann sonraí ó 2021 roinnt faisnéise breise ar fáil maidir le staid reatha chlár CERV.

Idir 2021 agus 2022, bhí 26 ghlao ar thograí ann. As 2 675 moladh a fuarthas, bhain 814 (30 %) le Sraith 3- ról agus rannpháirtíocht na saoránach, agus d'éirigh le 451 díobh sin. Is ionann sin agus ráta rathúlachta 55 %.

Ábharthacht an chláir agus comhfhreagras le tosaíochtaí an Aontais

Creideann an rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach measúnú criticiúil a dhéanamh ar ábharthacht Shraith 3 CERV. Is é an toradh uileghabhálach maidir lena ábharthacht ná go bhfuil cuspóirí an chláir deartha go maith chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais náisiúnta agus go bhfuil siad ailínithe go maith le tosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh, lena n-áirítear beartais maidir le lánpháirtiú, rannpháirtíocht shibhialta agus rannpháirtíocht.

An claochlú digiteach

Tá an claochlú digiteach an-ábhartha don chlár CERV, go háirithe do Shraith 3. Cé nach

[8] EACEA, 'CERV 2021-2027 Programme – Contact Points', 15 February 2023
[9] Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014, Iarscríbhinn II ón gComhairle
[10] DG JUST, 'Annual Activity Report 2021 – Justice and Consumers', 2022

luaitear go sonrach é i gClár Oibre 2023-2024,[11] tacaíonn an clár le beartais agus straitéisí éagsúla atá dírithe ar chlaochlú digiteach agus tá sé tiomanta ina leith.

Faoin tsraith CERV – ról agus rannpháirtíocht na Saoránach – tá ‘cur chuige agus uirlisí nuálacha daonlathacha a mhaoiniú chun cabhrú le saoránaigh a dtuairimí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí maidir le gach réimse gníomhaíochta de chuid an Aontais, go háirithe uirlisí digiteacha (‘ríomhdhaonlathas’)’[12] mar cheann de na tosaíochtaí i gclár oibre 2021-2022.

Thairis sin, tá clár oibre CERV tiomanta do thacaíocht a thabhairt do na tosaíochtaí a shonraítear i dTuarascáil ar Shaoránacht an Aontais 2020[13] agus sa Tuarascáil ar Shaoránacht an Aontais 2023 atá ar na bacáin[14]. Leagtar béim láidir sna tuarascálacha sin ar an gclaochlú digiteach, lena gcumasaítear rannpháirtíocht na saoránach sa phróiseas daonlathach mar cheann de phríomhghnéithe na tuarascála.

An t-aistriú glas

Is tosaíocht bheartais é an comhshaol agus an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide ina rannchuidíonn clár CERV freisin, rud a léiríonn a hábharthacht don réimse beartais i dteannta leis an aistriú digiteach. Go deimhin, tá an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach ag éirí níos fite fuaite ina chéile.

Ar an iomlán, ón anailís ar an gcur chun feidhme luath is féidir a rá go bhfuil Sraith 3 ábhartha do dhúshlán an aistrithe ghlais, trí ról agus rannpháirtíocht na saoránach sa réimse seo a áirithiú. Cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá cineálacha cur chuige ón mbun aníos maidir le beartais a fhorbairt, ós rud é go bhféachtar leis le heagraíochtaí pobail a bheith rannpháirteach sa phróiseas agus go bhfuil sé mar aidhm leis cur ar chumas na mbailte saoránaigh agus pobail a spreagadh chun bheith rannpháirteach i bpléití agus i ngníomhaíochtaí maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le fuinneamh, dlúthpháirtíocht shóisialta agus imirce.

Sa ghlao ar thograí chun ról agus rannpháirtíocht na saoránach a chothú, luaitear gur cheart go gcuirfeadh an tosaíocht sin le rannpháirtíocht na saoránach agus na bpobal i bpléití agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann lenár n-aeráid agus lenár gcomhshaol. In 2023 agus in 2024, díreofar go sonrach ar shaoránaigh a thabhairt le chéile chun gníomhaíochtaí maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a phlé, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le fuinneamh, dlúthpháirtíocht agus comhroinnt dea-chleachtas, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le rannpháirtíocht na saoránach sa tsochaí a mhéadú agus, ar deireadh, lena rannpháirtíocht ghníomhach i saol daonlathach an Aontais.

---

[11] C(2022) 8588 final, ‘CERV Multiannual Work Programme 2023-2024’

[12] EUROPEAN EDUCATION AND CULTURE and EXECUTIVE AGENCY (EACEA), ‘Citizens, Equality, Rights and Values Programme (CERV) Call for Proposals. Citizens’ Engagement and Participation (CERV-2022-CITIZENS-CIV)’, 2021, p. 7

[13] European Commission, ‘EU Citizenship Report 2020. Empowering Citizens and Protecting Their Rights’, 2020

[14] Directorate-General for Communication (European Commission) and Kantar, ‘European Citizenship: Report’ (LU: Publications Office of the European Union, 2023)

Maidir le líon na dtionscadal gaolmhar, tá 79 dtionscadal san iomlán a maoiníodh faoin nGlao maidir le ról agus rannpháirtíocht na Saoránach a dhéanann tagairt dhíreach do thacú le gníomhaíochtaí ábhartha.

Téarnamh i ndiaidh na paindéime

Thug paindéim COVID-19 dúshlán shochaithe agus gheilleagair na hEorpa. Chuir sé isteach freisin ar chearta na saoránach agus ar a rannpháirtíocht sa daonlathas. Mar sin, aithníodh aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na paindéime mar cheann de thosaíochtaí an chláir, á rá go bhféachfaidh sí ar 'an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar an díospóireacht dhaonlathach agus ar theachtadh na gceart bunúsach'[15]. Dá bhrí sin, is gné bhunúsach anois de roinnt mhaith glaonna agus tograí éifeachtaí na paindéime.

Baineann roinnt tionscadal faoi Shraith 3 le hiarrachtaí iar-COVID lena n-áirítear na tionscadail: COVIDemocracy sna Baltaigh[16]; Rannpháirtíocht na mBan a Spreagadh le linn Paindéime[17]; agus tionchar phaindéim COVID-19 ar dhearcthaí daonlathacha éagsúla trí ghné na hinscne[18].

Tá iarrachtaí téarnaimh iarphaindéime mar chuid de dhearadh an chláir le haghaidh glao ar thograí um Nascadh Bailte. Cuireann an clár seo malartuithe saoránach chun cinn idir tíortha éagsúla trí bhailte a nascadh, rud a thugann taithí phraiticiúil dóibh ar oidhreacht éagsúil an Aontais, lena n-áirítear tionchair phaindéim COVID-19.

Cé nach bhfuil dúshláin téarnaimh iarphaindéime chomh mór céanna i ndearadh an chláir, tá CERV fós ábhartha. Ar an gcaoi chéanna, mar aon leis an aistriú digiteach agus glas agus an saol daonlathach, tá sé ar cheann de thosaíochtaí an chláir na grúpaí is leochailí a chosaint ar iarmhairtí na paindéime.

Cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine

In 2023, áirithítear le CERV go ndíreofar go háirithe ar thionscadail arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ionsaí na Rúise in aghaidh na Úcráine maidir le saoirse dhaonlathach a chosaint agus cearta bunúsacha a theachtadh do chách, agus go háirithe do dhaoine sna cásanna is leochailí, amhail mná agus leanaí.

Gné thábhachtach maidir le Sraith 3 is ea go gcuireann ionsaí na Rúise ar an Úcráin agus a iarmhairtí béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le machnamh criticiúil a dhéanamh ar an am atá thart agus an chuimhne sin a thabhairt ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht chun dul i ngleic le saobhadh stairiúil agus chun cuimhneachán Eorpach a áirithiú ionas nach dtarlóidh botúin a tharla roimhe seo an athuair.

---

[15] EUROPEAN EDUCATION AND CULTURE and EXECUTIVE AGENCY (EACEA), 'Call-Fiche_cerv-2022-Citizens-Civ', p. 7 [An Ghníomhaireacht Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA), 'Call-Fiche_cerv-2022-Citizens-Civ', lch. 7]

[16] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/projects-details/43251589/101081520/CERV

[17] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/projects-details/43251589/101081080/CERV

[18] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/projects-details/43251589/101080161/CERV

Thairis sin, is príomhfhócas i gclár oibre 2023 é dul i ngleic le saobhadh stairiúil agus obair idirghlúine a spreagadh trí thacú le ‘tionscadail a dhéanann comóradh agus a chuireann oideachas ar fáil maidir le heispéiris shainiúla i stair nua-aimseartha na hEorpa. Áirítear orthu sin na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le córais údarásaíocha agus ollsmachtacha, frithbheartaíocht i gcoinne na gcóras sin, an tUileloscadh agus ollchoireanna eile, an t-aistriú daonlathach agus institiúidí daonlathacha a thógáil (atógáil), oidhreacht an choilíneachais, an imirce thrasnáisiúnta agus lánpháirtiú na hEorpa’[19].

Luachanna daonlathacha an Aontais a neartú

De réir an rapóirtéara, tá Sraith 3 fréamhaithe go domhain i luachanna daonlathacha an Aontais. Is é is aidhm dó cabhrú le daoine a dtuairimí a chur in iúl agus cuimsiú agus rannpháirtíocht dhaonlathach a mhéadú i gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin, lena n-áirítear iad siúd a shonraítear i dTuarascáil ar Shaoránacht an Aontais 2020 agus i bplean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach.

Dá réir sin, cumhdaíonn Sraith 3 cuid shuntasach den straitéis trí ról agus rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais a chur chun cinn, trí mhalartuithe idir saoránaigh na mBallstát éagsúil, agus trí fheasacht a ardú maidir le stair chomhchoiteann na hEorpa. Déanann sé amhlaidh trí ghníomhaíochtaí a fhorbairt a dhíreoidh ar phlé a dhéanamh ar thodhchaí na hEorpa, ar rannpháirtíocht shochaíoch na saoránach, ar bhreathnóireacht toghcháin neamhspleách, lena n-áirítear faireachán a dhéanann saoránaigh, agus cineálacha cur chuige agus uirlisí nuálacha chun cabhrú le saoránaigh a dtuairimí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí maidir le gach réimse gníomhaíochta de chuid an Aontais. Seasann sé le luachanna daonlathacha an Aontais trí rannpháirtíocht ghníomhach daoine aonair agus na sochaí sibhialta i bpróisis dhaonlathacha a chothú, rud atá ríthábhachtach do thodhchaí na hEorpa agus do shochaithe daonlathacha. Ina theannta sin, léirítear i Sraith 3 tiomantas láidir d’fhéiniúlacht agus luachanna na hEorpa a neartú, ós rud é gur colún ríthábhachtach de luachanna an Aontais í oidhreacht stair na hEorpa le déanaí.

Luann clár oibre 2023 freisin an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, sraith díospóireachtaí agus pléití faoi stiúir na saoránach a bhí ar siúl ó mhí Aibreáin 2021 go mí na Bealtaine 2022 agus a chuir ar chumas daoine ar fud na hEorpa a gcuid smaointe a roinnt agus iad a phlé i gcruinnithe iomlánacha agus i meithleacha le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh, leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimintí Náisiúnta, le comhlachtaí an Aontais, le comhpháirtithe sóisialta agus leis an tsochaí shibhialta chun conclúidí comhchoiteanna a ghlacadh, rud a chuideoidh lenár dtodhchaí chomhchoiteann a mhúnlú.

Ar an iomlán, tá ábharthacht Shraith 3 sa réimse seo soiléir, ós rud é go mbaineann sí le cur chun cinn luachanna an Aontais trí ról agus rannpháirtíocht na saoránach, le cearta an duine a chosaint, agus le hathléimneacht a fhorbairt chun an tAontas a dhéanamh níos láidre agus réidh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus pholaitiúla atá ann faoi láthair.

Ceachtanna a foghlaimíodh ón gcur chun feidhme luath

[19] Ibid, lch. 8

Ar leibhéal an chláir, is féidir réamhthuiscint a fháil go bhfuil príomhchuspóirí CERV fós ábhartha agus go dtugann siad aghaidh ar chuid de phríomhdhúshláin an Aontais. Téitear i ngleic le cur chun feidhme straitéisí an Aontais, amhail straitéisí maidir leis an athrú aeráide, digitiú, neamhspleáchas, agus eile, tríd an idirphlé daonlathach a chuireann CERV chun cinn. Toisc gur ceapadh é mar chlár ón mbun aníos, tá leibhéal áirithe solúbthachta ag an gclár CERV maidir le cur chun feidhme, rud atá dearfach i bhfianaise a chumais dul in oiriúint do dhúshláin nua agus dul i ngleic leo.

Is é príomhchuspóir shraith 3 de chlár CERV rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú. Ergo, mar chuid de ghníomhaíochtaí tionscadail chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá rannpháirtíocht i ngach ceann de na dúshláin a sainaithníodh ábhartha – lena n-áirítear rannpháirtíocht i dtopaicí a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach, toisc go n-ardaíonn sí feasacht nó leibhéal rannpháirtíochta an phobail i gcoitinne.

Is cosúil freisin go ndearbhaítear san anailís tosaigh ar thionscadail CERV Shraith 3 go bhfuil líon suntasach tionscadal ábhartha do na trí phríomhdhúshlán a sainaithníodh, i.e. maidir le hathrú aeráide, digitiú, agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 (féach an roinn Ábharthacht agus Comhleanúnachas le haghaidh tuilleadh mionsonraí).

Léiríonn fianaise taighde go dtugtar aghaidh freisin ar dhúshláin náisiúnta ábhartha. Sampla de sin is ea eagraíochtaí pobail atá ag feidhmiú i dtíortha an Aontais, áit a bhfuil cúngú nó bac ar an spás don tsochaí shibhialta agus a bhfuil tacaíocht CERV thar a bheith tábhachtach ina leith.[20]

Ina theannta sin, tá roinnt príomhdhúshlán curtha isteach go sainráite ag an gCoimisiún Eorpach sa chlár. Sa chlárthréimhse 2023/24, ionchorpraíodh éifeachtaí COVID-19 agus iarphaindéime mar thagairt don chlár freisin. Tugtar aghaidh go páirteach ar dhúshláin eile, amhail an cogadh san Úcráin, tríd an ghlao um chearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn[21] agus trí ghlao Daphne [22](íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh i gcoinne sibhialtach i gcogadh na hÚcráine). Mar sin féin, d'fhéadfaí dúshláin a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin a ionchorprú tuilleadh go teoiriciúil tríd an ngné chuimhneacháin lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna maidir le cogaí agus a dtionchair agus le córais ollsmachtacha, chomh maith leis na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta daonlathaí trí chláir nasctha bailte idir bardais an Aontais agus na hÚcráine agus trí thacú le comhthionscadail idir eagraíochtaí sochaí sibhialta an Aontais agus na hÚcráine maidir le gníomhaíochtaí an chláir oibre.

Tá sé tugtha chun suntais ag an gCoimisiún freisin go bhfuil moill ar chur chun feidhme an chláir ó glacadh cláir CERV sách déanach in 2021. Dá bhrí sin, tá AS JUST fós ag tús an chur chun feidhme.

Mar fhocal scoir, creideann an rapóirtéir gur féidir a mheas go cúramach go bhfuil cur chun feidhme luath chlár CERV éifeachtach cé go raibh roinnt dúshlán i gceist.

Ar an gcéad dul síos, glacadh an clár in 2021, agus tá formhór na dtionscadal fós ag tús a gcur

[20] https://ecnl.org/focus-areas/european-level-policies
[21] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/topic-details/cerv-2022-child
[22] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/topic-details/cerv-2023-daphne

chun feidhme. Seoladh agus tugadh chun críche glaonna chlár oibre 2021-2022 agus tá glaonna chlár oibre 2023-2024 fós ar siúl. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon na n-iarratas mar gheall ar an bpaindéim, tá méadú ag teacht orthu i láthair na huaire.

Ní hamháin go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar na hiarratais ach ar an gcur chun feidhme freisin. Bhain saincheisteanna oibríochtúla, lena n-áirítear fadhbanna uirlisí TFC, le go leor dtionscadal, a bhí ina dtosca moille. Mhínigh na páirtithe leasmhara gur cuireadh na cláir chun feidhme mar a bhí beartaithe sa chlársceidealú ag an gCoimisiún Eorpach agus go raibh siad in ann na hacmhainní uile a leithdháileadh a chaitheamh.

Tá ardmheas ar an gclár mar gheall ar a chur chuige uathúil lena gcumhdaítear saincheisteanna sochaíocha íogaire. Is mór an meas ar a threoshuíomh ón mbarr anuas toisc go bhféachann sé le bheith ag obair le heagraíochtaí pobail, rud a chothaíonn dea-rannpháirtíocht idir na húdaráis agus na saoránaigh. Mar sin féin, ní mór athbhreithniú suntasach a dhéanamh ar phróiseas iarratais an chláir, ós rud é go meastar gur srian é d'eagraíochtaí mionscála a bheith rannpháirteach ann. Go sonrach, ní mheastar go bhfuil an tairseach feidhmchlár éasca le húsáid agus cuireann sé lagmhisneach ar eagraíochtaí iarratas a dhéanamh.

Saincheist eile a gcaithfidh an clár dul i ngleic leis nach bhfuil aon straitéis mhaith chumarsáide i bhfeidhm ar leibhéal an chláir. Luaigh na húdaráis náisiúnta go bhfuil sé an-dúshlánach feasacht ar an gclár a ardú. Cuirtear leis sin freisin toisc nach bhfuil pointí teagmhála náisiúnta (PTNanna) ceaptha ag gach Ballstát go dtí seo.

Baineann dúshláin bhreise i gcur chun feidhme luath an chláir leis an ngá atá le timpeallacht institiúideach chumasúcháin fheabhsaithe don chlár chun a chuspóirí a bhaint amach ar bhealach níos fearr. Mar shampla, tá na páirtithe leasmhara ag iarraidh bearta chun cur i gcoinne spásanna sibhialta atá ag laghdú, ach chun an t-idirphlé sibhialta a athbheochan freisin chun gné chomhchoiteann na rannpháirtíochta sibhialta a chur chun cinn a thuilleadh.

maidir le cur chun feidhme Chlár 2021-2027 um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna - ról agus rannpháirtíocht na saoránach
(2023/2004(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh 390/2014[1],

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 30 Bealtaine 2018 dar teideal ‘Measúnú tionchair a ghabhann leis an doiciméad: Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an clár um Chearta agus Luachanna, Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an clár um Cheartas, Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear clár Eoraip na Cruthaitheachta’ (SWD(2018)0290),

– ag féachaint do Thuarascáil ar Shaoránacht an Aontais 2020,

– ag féachaint do chearta an duine agus do chearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d’Airteagail 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus d’Airteagal 9 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal ‘A Union of Equality: EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation’ [Aontas Comhionannais:creat straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach’] (COM(2020)0620),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiúin an 3 Nollaig 2020 maidir leis an bplean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach (COM(2020)0790),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2020 dar teideal ‘Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU’ [Straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú san Aontas] (COM(2020)0711),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2020 dar teideal ‘A Union of equality: EU anti-racism action plan 2020-2025’ [Aontas Comhionannais: Plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas 2020-2025’] (COM(2020)0565),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal ‘Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025’ [‘Aontas Comhionannais: Straitéis

[1] IO L 56, 5.5.2021, lch. 1.

um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025’] (COM(2020)0698),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Comhionannas Inscne 2020-2025’ (COM(2020)0152),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal ‘EU Strategy on Combating Antisemitism and Fostering Jewish Life (2021-2030)’ [Straitéis AE maidir leis an bhFrithsheimíteachas a chomhrac agus Saol na nGiúdach a Chothú (2021-2030)’] (COM(2020)0615),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 dar teideal ‘EU strategy on the rights of the child’ [Straitéis AE maidir le cearta an linbh] (COM(2021)0142),

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) de chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gCinneadh sin,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (A9-0000/2023),

A. de bhrí gur ceart bunúsach é rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach sa saol polaitiúil agus cultúrtha ar cheart é a bheith chomh hinrochtana céanna do chách; de bhrí go bhforáiltear le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine don cheart chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin rialtais agus saorthoghcháin, don cheart chun páirt a ghlacadh i saol cultúrtha an phobail agus don cheart chun comhthionól síochánta agus chun comhlachais, lena gcumasaítear rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí;

B. de bhrí go dtugann saoránacht an Aontais cearta éagsúla do dhaoine, go háirithe an ceart achainí a dhéanamh chuig an bParlaimint maidir le haon saincheist laistigh de fhreagracht an Aontais, an ceart chun cásanna drochriaracháin a mheastar a bheith ag aon institiúid de chuid an Aontais a ardú leis an Ombudsman Eorpach, an ceart chun scríobh chuig aon institiúid de chuid an Aontais i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais agus freagra a fháil sa teanga chéanna agus an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid de chuid na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin faoi choinníollacha áirithe;

C. de bhrí go n-éilítear le dúshláin shistéamacha atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, amhail an ghéarchéim aeráide, paindéimí domhanda, an t-aistriú digiteach agus an imirce, oiriúnú na struchtúr agus na gcineálacha cur chuige lena ndeonaítear rannpháirtíocht ghníomhach do shaoránaigh sa tsochaí; de bhrí gur cheart do rannpháirtíocht dhigiteach ghníomhach na saoránach an bhearna dhigiteach idir na glúine a chur san áireamh agus aghaidh a thabhairt uirthi;

D. de bhrí nach mór rannpháirtíocht saoránach a thuiscint mar rannpháirtíocht il-leibhéil, lena gcuimsítear próisis áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda; de bhrí go n-éileofar le próisis leanúnacha an dhomhandaithe agus na lánpháirtíochta Eorpaí ar ghlúin nua Eorpach a bheith níos páirtí sa pholaitíocht ar leibhéil éagsúla, chun bheith in ann maireachtáil agus oibriú go hidirnáisiúnta agus dul i ngleic leis an difríocht ina saol ó lá go lá; de bhrí go bhfuil sochaithe ag éirí níos éagsúla, agus urraim á tabhairt d’éagsúlacht na gcultúr agus na dtionscnamh agus do dhiúltú d’aon chineál

idirdhealaithe i dtreo ban, daoine LADTIA nó mionlach níos tábhachtaí ná riamh laistigh den Eoraip;

E. de bhrí go bhféadfadh athruithe sochpholaitiúla a tugadh faoi deara sna Ballstáit, idir polarú sóisialta agus muinín íseal institiúideach go cúlú daonlathach, creimeadh an smachta reachta, náisiúnachas eisiatach agus ionstraimiú Eoraisceipteach chun críocha polaitiúla, chomh maith leis an méadú ar ghluaiseachtaí antoisceacha agus údarásaíochas, a bheith ina mbagairt thromchúiseach do dhaonlathais Eorpacha agus an bonn a bhaint den Aontas Eorpach ar an iomlán; de bhrí gur féidir ról tábhachtach a bheith ag neartú ról agus rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach trí fhoghlaim agus oideachas ar bhonn foirmiúil, seachfhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus ar feadh an tsaoil chun an treocht sin a chomhrac;

F. de bhrí gur cuireadh bac ar theacht chun cinn saoránachta Eorpaí mar gheall ar bhearna eolais agus ar bhearna mhothúchánach, agus gur cheart, dá bhrí sin, tacar sásraí lena gcumasaítear rannpháirtíocht na saoránach agus idirphlé idirchultúrtha a bheith ag gabháil leis agus á threisiú; de bhrí gur féidir le tuiscint níos fearr ar ár stair Eorpach chomhroinnte, mar aon le rannpháirtíocht na saoránach níos láidre sa saol sóisialta agus polaitiúil, tionchar tairbhiúil a imirt ar fhéiniúlacht Eorpach atá ag teacht chun cinn a chomhlánaíonn féiniúlachtaí iomadúla na saoránach ar bhonn áitiúil, náisiúnta, geografach, cultúrtha nó eile;

G. de bhrí go bhféadfadh rannpháirtíocht neamh-leordhóthanach ó shaoránaigh, eolas teoranta faoi AE agus drochthuiscint ar a bhreisluach rannchuidiú leis an tuiscint go bhfuil easnamh daonlathach ann agus go bhféadfadh Eoraisceipteachas sna Ballstáit a bheith mar thoradh air;

H. de bhrí go bhfuil laghdú an spáis shibhialta san Aontas Eorpach agus i dtíortha eile atá rannpháirteach sa chlár ag cur isteach ar rannpháirtíocht dhaonlathach agus ar chumas eagraíochtaí na sochaí sibhialta gníomhú mar shrianta agus ceartúcháin maidir leis an smacht reachta; de bhrí go bhfuil gníomhaíochtaí chun tacú le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a chumasú, lena n-áirítear eagraíochtaí ar leibhéal an phobail a bhfuil cuntais teiste fhada agus taithí shuntasach acu, ríthábhachtach chun an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine a chosaint sna Ballstáit.

Na luathchéimeanna de chur chun feidhme an Chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (2021-2027): Sraith 3 — Rannpháirtíocht na Saoránach

1. Á chreidiúint go láidir go rannchuidíonn an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) ar bhealach ar leith le ról agus rannpháirtíocht shibhialta a fheabhsú ó thaobh ghné na gceart bunúsach de trí luachanna, idirphlé sibhialta agus saoránacht a chomhcheangal go héifeachtach, agus comhionannas inscne agus an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe agus an fhoréigin á gcur chun cinn ag an am céanna; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil clár CERV ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an spás sibhialta atá ag laghdú agus ar na dúshláin atá roimh an smacht reachta ar fud na hEorpa;

2. Á mheabhrú go bhfuil cur chun feidhme chlár CERV fós sna luathchéimeanna, ós rud é nár glacadh an rialachán lena mbunaítear an clár go dtí 2021; á thabhairt le fios, ar an gcúis sin, nach bhfuil ach líon beag tionscadal faoi Shraith 3 curtha i gcrích agus nach

bhfuil mórán faisnéise ar fáil ó thairbhithe chun gur féidir torthaí a mheas go cruinn;

3. Á chur i dtreis go raibh roinnt dúshlán roimh an gclár a chuir bac ar chéimeanna tosaigh a chur chun feidhme, ar tosca seachtracha iad go leor acu, amhail paindéim COVID-19 agus cogadh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine, agus gur chuir siad sin isteach go mór ar chearta na saoránach agus ar rannpháirtíocht na saoránach sa daonlathas; á thabhairt dá haire, áfach, gur tháinig méadú ar an gcur chun feidhme agus go bhfuil ag éirí go maith leis i láthair na huaire;

4. Á chur in iúl gur cúis imní di gur cosúil go bhfuil úsáid agus tabhairt isteach uirlisí digiteacha nua chun cistí an Aontais a chur chun feidhme (e.g. an uirlis r-Dheontais) ina bpríomh-shaincheist do thairbhithe maidir le forbairt an chláir; á chur in iúl gurb oth léi gur chuir nósanna imeachta casta bac freisin ar rannpháirtíocht eagraíochtaí níos lú nach bhfuil an t-am agus na hacmhainní is gá acu chun dul tríd an bpróiseas iarratais; á mheas go gcuireann dearadh na n-uirlisí sin teorainn le cumas an chláir dul in oiriúint d'fhorbairtí nua agus do riachtanais athraitheacha; á iarraidh go gcuirfí deireadh leis an ualach riaracháin agus go simpleofaí na próisis maidir le cur i bhfeidhm, conraitheoireacht agus tuairisciú;

5. Á chur i dtreis nach bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit pointe teagmhála náisiúnta (PTN) don chlár CERV a chur ar bun lena dtairgtear comhairle neamhchlaonta, faisnéis chabhrach agus tacaíocht d'iarratasóirí, do pháirtithe leasmhara agus do thairbhithe, lena n-áirítear cúnamh leis an bpróiseas iarratais, agus faisnéis atá éasca le tuiscint faoi thorthaí an chláir a roinnt ag an am céanna; á thabhairt dá haire gurb oth léi, mar sin féin, nach raibh PTNanna ach ag 20 Ballstát faoi mhí an Mheithimh 2023;

6. Á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil tionchar ag rátaí boilscithe reatha ar chostais reatha do thairbhithe CERV; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil dúshláin roimh thairbhithe maidir lena ngníomhaíochtaí pleanáilte a chur chun feidhme, go háirithe maidir leis na costais aonaid do liúntais taistil, chóiríochta agus laethúla, agus go bhféadfadh sé go mbeadh orthu cuid de na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe acu ar dtús a ghearradh siar chun fanacht laistigh den bhuiséad;

Moltaí beartais do thodhchaí chlár CERV

7. Á iarraidh ar an gCoimisiún an t-idirphlé sibhialta a neartú ar bhealach ina dtacófar le próiseas dhá-bhealach idir institiúidí ar gach leibhéal agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile, agus mar chuid de chur chun feidhme Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/692, trí idirphlé sibhialta a úsáid mar uirlis chun tosaíochtaí don chlár oibre dhá bhliain a chinneadh agus chun gné chomhchoiteann na rannpháirtíochta sibhialta mar ghné chriticiúil den daonlathas agus den smacht reachta a chur chun cinn a thuilleadh; á mheabhrú, i ndáil leis sin, gur cheart gníomhaíochtaí nuálacha a chur chun cinn chun tacú le hidirphlé leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear d'fhonn cultúr comhpháirtíochta le deontaithe a chothú atá bunaithe ar mhuinín; á iarraidh, go háirithe, go ndéanfar gníomhaíochtaí forbartha acmhainní chun tacú le rannpháirtíocht leathan na sochaí sibhialta, go háirithe trí naisc le scéimeanna maoinithe eile a chuirtear ar fáil trí bhainistíocht chomhroinnte, amhail an ionstraim um thacaíocht theicniúil;

7. Á iarraidh ar na Ballstáit nach bhfuil PTNanna ainmnithe acu fós é sin a dhéanamh a luaithe is féidir agus á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair le líonra PTN trí chruinnithe, trí bhearta oiliúna agus trí mhalartuithe tiomnaithe, ós rud é gur

eagraíodh iad sin go han-rathúil go dtí seo;

8. Á thabhairt dá haire na torthaí a bhaineann le cineálacha éagsúla sásraí athdheonaithe a thabhairt isteach faoi chlár CERV, atá an-spreagúil go dtí seo; á iarraidh go ndéanfar anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil ar na glaonna éagsúla athdheonaithe d'fhonn a n-úsáid a leathnú, b'fhéidir, chuig na sraitheanna eile den chlár CERV, i gcás inarb ábhartha, agus go háirithe do Shraith 3, chun a áirithiú go sroichfidh maoiniú an Aontais eagraíochtaí sochaí sibhialta ar leibhéal an phobail a bhfuil cuntais teiste fhada agus taithí shuntasach acu; ag tathant ar an gCoimisiún na nósanna imeachta agus na ceanglais riaracháin maidir le hathdheonú a shimpliú a thuilleadh chun níos mó solúbthachta a thabhairt d'eagraíochtaí a dhéanann iarratas ar athdheonú vis-à-vis fo-dheonaithe, lena n-áiritheofar caighdeáin iomchuí i ndáil le cúrsaí oibre, cúram sláinte agus cosaint shóisialta; á chreidiúint go bhféadfaí na ceanglais chomhmhaoinithe a athbhreithniú d'fhonn na rialacha a oiriúnú do staid an tairbhí chun tacú le réimse níos mó tairbhithe agus réimsí téamacha; á chur i dtreis gur cheart go gcumhdófaí céatadán níos mó de mhéideanna deontais leis an maoiniú a chuirtear ar fáil ó chlár CERV i réimse na gceart, an chomhionannais, na luachanna agus na rannpháirtíochta sibhialta, a bhfuil foinsí eile maoinithe an-ghann nó in easnamh ina leith;

10. Á aithint go bhfuil malartuithe agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí faoi chlár CERV ríthábhachtach chun acmhainneacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta agus chun luachanna an Aontais a chur chun cinn i dtíortha nach bhfuil san Aontas; á chur i dtreis nach gcuirtear tús le comhaontuithe aontachais le rannpháirtíocht ghníomhach agus tiomantas do luachanna Eorpacha agus gur toradh iad ar obair sheanbhunaithe gníomhaithe agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun na smaointe sin a chur chun cinn agus chun tacú le gníomhaithe áitiúla i dtíortha nach bhfuil san Aontas; á iarraidh, dá bhrí sin, go gcumhdófar le clár CERV costais rannpháirtíochta ionadaithe na sochaí sibhialta, ar a laghad iad siúd ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha comhlachaithe, gan beann ar cibé an bhfuil a dtír rannpháirteach i gclár CERV; á chur i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin trí thionscadail a spreagadh le comhpháirtithe na hÚcráine trí ghníomhaíochtaí cuimhneacháin agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta daonlathaí;

11. Ag tathant ar an gCoimisiún na nósanna imeachta riaracháin a shimpliú a thuilleadh le haghaidh comhpháirtíochtaí creata ceithre bliana le haghaidh deontais oibriúcháin, go háirithe maidir le saintréithe sonracha na huirlise TF a úsáidtear, rud gur chosúil bheith níos oiriúnaí do chineál na ndeontas gníomhaíochta;

°

° °

12. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.